Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**9645/1/26 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0726(COD)**

**CODEC 992**
**POLCOM 191**
**COMER 97**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 7 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 19 Bealtaine 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[2]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 13702/25 + ADD 1 go 2.
[2] 9464/26.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 23/26 é, agus an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Eastóin ag vótáil ina choinne agus an Phortaingéil ag staonadh ón vótáil;

- a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1 i Sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle sna hAguisíní a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.